

# Bileog Chabhrach don Fhoirm CG1 2022

## Cé a chaithfidh Foirm CG1 2022 a chomhlánú?

Iad siúd a dhiúscair sócmhainn nó sócmhainní le linn 2022, agus nach bhfuil ceangal orthu tuairisceán cánach ioncaim a chur isteach, nó a dhéanann a dtuairisceán cánach ioncaim go leictreonach ar Fhoirm 12, is gá dóibh tuairisceán Cánach Gnóthachan Caipitiúla (CGC) a chomhlánú.

## Níl cónaí orm in Éirinn. An gcaithfidh mé CG1 a chomhlánú?

Tá ceangal ort CGC a íoc agus ba chóir duit an CG1 a chomhlánú mura ndéanann tú tuairisceán Cánach Ioncaim de ghnáth agus má tá gnóthachain agat mar thoradh ar dhiúscairt na sócmhainní seo a leanas:

- Talamh, foirgnimh agus mianraí sa Stát
- Cearta taiscéalaíochta nó saothraithe sa Scairbh Ilchríochach
- Scaireanna neamhluaithe a mbaineann mórchuid dá luach le talamh, foirgnimh nó mianraí sa Stát, nó le cearta taiscéalaíochta agus saothraithe sa Scairbh Ilchríochach
- Sócmhainní a n-úsáidtear iad chun críche trádála a dhéantar sa Stát.

## Cathain ba cheart dom mo dhliteanas CGC a íoc don bhliain 2022?

Tá dáta dlite an CGC bunaithe ar an dáta ar dhiúscair tú an tsócmhainn. Roinntear bliain cánach an CGC ina dá thréimhse.

Seo a leanas na dátaí dlite don bhliain 2022:

- Diúscairtí a rinneadh sa tréimhse 1 Eanáir 2022 go 30 Samhain 2022, an dá dháta sin san áireamh - 'tréimhse thosaigh' - CGC le híoc faoin **15 Nollaig 2022**
- Diúscairtí a rinneadh sa tréimhse 1 Nollaig 2022 go 31 Nollaig 2022, an dá dháta sin san áireamh - 'an tréimhse níos déanaí' - CGC le híoc faoin **31 Eanáir 2023**.

D'fhéadfadh muirear úis a bheith i gceist i gcás nach bhfuil an cháin iomlán atá dlite íoctha faoin dáta dlite a luaitear thuas.

Ba chóir go soláthrófá duillín pá don tréimhse in éineacht leis an íocaíocht. Tá duillíní pá le fáil ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) nó ó Rannán an Ard-Bhailitheora. D'fhéadfadh go mbeadh aisíocaíocht ann laistigh den bhliain, mar shampla, i gcás íocaíochta a rinneadh ar ghnóthachan a fuarthas sa 'tréimhse thosaigh' agus cailteanais a tharla sa 'tréimhse níos déanaí'.

## Cathain ba chóir dom mo CG1 a chur isteach?

Ar nó roimh an **31 Deireadh Fómhair 2023**. Tá formhuirear i gceist má sheoltar an tuairisceán isteach i ndiaidh an dáta thuas.

## Cén formhuirir is cóir dom a bheith ar an eolas fúthu?

**D'fhéadfadh formhuirear a bheith i gceist ag brath ar stádas do thuairisceáin Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ).**

Ba chóir go gcuirfí formhuirear leis an dliteanas deiridh má sheolann tú an CG1 isteach in am, ach ag am a sheolta:

- Mura bhfuil an CMÁ curtha isteach agat, nó
- Mura d'íoc tú an CMÁ agus má theip ort socrú íocaíochta a chomhaontú.

Ba chóir go mbeadh ardú 10% i gceist ar an méid atá le híoc agat san Fhéinmheasúnú.

Áit a dtugtar an CMÁ suas chun dáta ina dhiaidh sin, beidh uasteorainn an fhormhuirir cothrom le méid an dhliteanais CMÁ ábhartha. Is féidir cabhair a fháil ón mBrainse CMÁ maidir leis seo.

## D'fhéadfadh go mbeidh formhuirear i gceist má sheolann tú do CG1 isteach déanach

Ba cheart formhuirear a chur leis an dliteanas deiridh má sheolann tú an tuairisceán isteach i ndiaidh an 31 Deireadh Fómhair 2023. Is é a bheidh san fhorhuirear sin ná:

- 5% den tsuim iomlán cánach atá dlite faoi réir uasmhéid €12,695 má sheoltar isteach an tuairisceán ón 1 Samhain 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, an dá dháta san áireamh
- 10% den tsuim iomlán cánach atá dlite faoi réir uasmhéid €63,485 má sheoltar an tuairisceán isteach i ndiaidh 31 Nollaig 2023.

## Céard a tharlóidh mura gcuirfidh mé CG1 isteach, nó má dhéanaim tuairisceán nó éileamh atá bréagach?

D'fhéadfadh go ngearrfaí pionóis shibhialta agus smachtbhannaí coiriúla as:

- Gan tuairisceán a dhéanamh
- Tuairisceán bréagach a dhéanamh
- Tuairisceán bréagach a éascú
- Liúntais nó faoisimh a éileamh nach bhfuil dlite.

I gcás ionchúisimh choiriúil, duine ar bith a dhótar as cion, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith faoi dhliteanas maidir le ceann amháin nó gach ceann de na smachtbhannaí seo a leanas:

- Fíneáil d'uasmhéid €126,970 agus / nó fíneáil suas le dhá oiread an difríocht idir an cháin fhógartha atá dlite agus an cháin a aimsíodh sa deireadh
- Tréimhse Phríosúnachta.

## Uimhreacha Teagmhála

**Brainse CMÁ** +353 1 738 3626

**Rannán an Ard-Bhailitheora,** +353 1 738 3663

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugtar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.